An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

ATHBHREITHNIÚ I nDIAIDH IMEACHT TOGHCHÁIN

Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram | 8 Márta 2024

Foilsithe ag An gCoimisiún Toghcháin,
Meán Fómhair 2024.
ISBN 978-1-911722-09-0

An Coimisiún Toghcháin,
Caisléan Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8 X8.

@ElecCommIRL

An Clár Ábhar

1. An Brollach 4
2. An Réamhrá 6
3. Ár Ról 6
4. Breathnóireacht Toghcháin 8
5. Riarachán Toghchán 10
6. Seicliosta PEER 11
7. Stáisiún Vótála – Critéir Roghnúcháin 16
8. Bealaí PEER 18
9. Ceist Lárnach na hInrochtaineachta 20
10. Anailís 24
11. Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER 27
12. Lámhleabhair Treorach d'Oifigigh Bainistíochta Toghchán 28
13. Sonraí Vótála Toghchán: Taithí Vótálaithe 28
14. Moltaí 30
15. Tátal 31
16. Fonótaí 32
17. Aguisíní 33

Aguisín 1 – Seicliosta Inrochtaineachta 33
Aguisín 2 – Ceisteanna an Daonáirimh faoi Mhíchumas, 2022 agus 2016 33
Aguisín 3 – Stáisiúin Vótála PEER ar Tugadh Cuairt Orthu de réir na gCritéar Roghnúcháin 34
Aguisín 4 – Comhfhreagras leis an Aire Darragh O'Brien 44

1. An Brollach

Ba iad an dá reifreann i mí an Mhárta 2024 na chéad imeachtaí toghcháin ó bunaíodh an Coimisiún Toghcháin i mí Feabhra 2023. Rinneamar cinneadh go ndéanfaí ár gcumhacht reachtúil a fheidhmiú chun tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riarachán na reifreann, agus cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh na reifreann sin.

Toradh ár mbreathnóireachtaí í an tuarascáil seo agus ullmhaíodh í ó anailís ar shonraí a bhailigh comhaltaí an Choimisiúin agus ár bhfoireann ag stáisiúin vótála ar fud na tíre.

Is í an tuarascáil seo an chéad tuarascáil dá leithéid, agus tháinig téamaí éagsúla chun solais. Cuirimid roinnt imní in iúl faoi inrochtaineacht roinnt de na stáisiúin vótála go háirithe agus mínímid an chúis a measaimid go dteastaíonn feabhsúcháin má tá daoine faoi mhíchumas lena gceart bunreachtúil vótála a chomhlíonadh ina iomláine, gan bhac gan chonstaic. Áitímid anseo nár thugamar faoin gcineál breathnóireachta a dhéanfadh innealtóir nó duine eile le saineolas mar sin, gur mar ghnáthdhaoine a thugamar faoi, agus é san áireamh i gcónaí gur cheart an vótáil a éascú gach bealach is féidir má tá fíor-rannpháirtíocht dhaonlathach le baint amach.

Tuarascáil chuimsitheach í seo, agus an chéad tuarascáil dá leithéid a rinneadh in Éirinn riamh. Feicfidh an léitheoir go bhfuil na nótaí tráchta agus tráchtaireacht dearfach tríd is tríd agus gur ábhar misnigh iad, cé nach raibh aon drogall orainn aird a tharraingt ar easnamh, a mbeadh réiteach éasca ar chuid mhór díobh de réir dealraimh.

Ba é taithí ár bhfoirne breathnóireachta go raibh na stáisiúin vótála á reáchtáil go maith go hiondúil, ach is suntasaí gur fhág an timpeallacht a cruthaíodh go raibh an fhoireann toghcháin dearfach, spreagtha agus díograiseach. Ní haon áibhéil a rá go raibh an mothúchán go raibh rud éigin tábhachtach ar bun le brath go láidir in go leor stáisiún.

Thug gach duine dínn suntas don chúnamh a thug na hoifigigh cheannais agus a bhfoirne do gach vótálaí. Chonaiceamar gur tugadh faoi chomhlíonadh an chirt vótála mar ócáid phobail. Bhuaileamar le hoifigeach ceannais amháin ag a bhfuil leathchéad bliain taithí a bhí ag obair le mac léinn óg nár oibrigh i stáisiún vótála ach uair amháin roimhe sin.



Eochair	
	Neamh-inrochtana
	Míchumas
	Cúramóirí
	Baile Átha Cliath
	Lárionaid Uirbeacha Mhóra
	Eile

Tá seachadadh an eolais, na taithí agus spiorad agus dhíocas an phobail tábhachtach agus cothaíonn sé tacaíocht don chóras toghcháin agus muinín as. Chonaiceamar roinnt oifigeach ag tabhairt cúnamh dóibh siúd a raibh dúshláin le sárú acu chun vóta a chaitheamh, agus rinne siad faoi chroí mór maith é. Is mór ag an toghlacht an tseirbhís seo don daonlathas a dhéanann an fhoireann toghcháin agus tapaíonn an Coimisiún an deis seo chun machnamh a dhéanamh ar an dearcadh sin, agus a rá go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an tseirbhís seo chun an próiseas daonlathach a chothú in Éirinn.

Is mian liom buíochas a ghlacadh go pearsanta leis na foirne ar fad a bhí páirteach sa tionscadal seo, a thaistil i roinnt cásanna chuig ceantair i bhfad i gcéin agus a chaith am ag breathnú agus i mbun anailíse ar na sonraí ina dhiaidh sin.

Tá súil againn go mbeidh an tuarascáil seo ar an gcéad cheann de go leor tuarascálacha dá leithéid, agus molaim don léitheoir í.

An Breitheamh Uasal Marie Baker
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin

2. An Réamhrá

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún Toghcháin a bunaíodh an 9 Feabhra 2023 ag a bhfuil freagracht as raon leathan d'fheidhmeanna toghcháin a leagtar amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

I mí Eanáir 2024, rinne an Coimisiún cinneadh go ndéanfadh sé a chumhacht reachtúil a fheidhmiú chun tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riarachán reifrinn mhí an Mhárta 2024, agus cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh na reifreann sin.

Dúirt an Coimisiún leis an Roinn gur cuireadh oiliúint i mbreathnóireacht toghcháin ar a fhoireann agus a chomhaltaí, agus gur tuigeadh nach bhféadfadh breathnóirí orduithe a thabhairt d'oifigigh toghcháin ná vótálaithe, páipéir bhallóide a láimhsiú, ná cuir isteach bealach ar bith ar an bpróiseas vótála.

Toradh an chéad athbhreithnithe sin is ea an tuarascáil seo. Chun críche an athbhreithnithe, thug 32 ball foirne agus comhalta den Choimisiún, a chruthaigh 16 fhoireann beirte, cuairt ar 98 stáisiún vótála thar gach ceann de na 26 contae ar lá na vótála. Anuas air sin, d'fhreastail ochtar comhaltaí agus ball foirne den Choimisiún ar chúig ionad comhairimh ar an 9 Márta 2024 i gcontaetha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Laoise chun breathnú ar oscailt na mboscaí ballóide agus chun feidhmiú mar fhinnéithe ar nósanna imeachta breithnithe agus dearbhaithe i dtaobh ballóidí millte agus torthaí comhairimh.

3. Ár Ról

> *"Ceacht tábhachtach le foghlaim faoin measúnú i ndiaidh toghcháin is ea gur cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ón tús ar fad sa phróiseas toghcháin."*
> ACE – An Líonra Eolais Toghcháin

Cé nach bhfuil aon ról díreach aige in eagrú ná i riarachán na n-imeachtaí toghcháin féin, tá ullmhú agus foilsiú **Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin** ar cheann d'fheidhmeanna tuairiscithe toghcháin an Choimisiúin.

Is athbhreithniú ar riarachán imeachta toghcháin a dhéantar tar éis an imeachta sin é an t**Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin** ("PEER").

Ceadaítear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 (Cuid 2, Caibidil 9, alt 68(1))* don Choimisiún, i ndiaidh gach imeachta toghcháin, agus ar cibé dóigh a chinnfidh an Coimisiún féin, tuarascáil ar riarachán an imeachta toghcháin sin a ullmhú agus a fhoilsiú.
De réir alt 68(2) d'Acht 2022, má

ullmhaíonn an Coimisiún a leithéid de thuarascáil, tá sí le foilsiú agus le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh an imeachta toghcháin lena mbaineann, agus tá cóip le tabhairt don Aire ábhartha.

Sonraítear in alt 68(3) d'Acht 2022 gur cheart tuairisc a áireamh go sonrach in PEER ar an gcúnamh a thug oifigigh cheannais agus cinn chomhairimh do thoghthóirí, toghthóirí faoi mhíchumas ag imeachtaí toghcháin go háirithe, foirgnimh a roghnú le haghaidh stáisiúin vótála atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus fógra poiblí a eisiúint faoi aon stáisiúin vótála nach bhfuil inrochtana roimh imeacht toghcháin. Tá an riachtanas vótáil a dhéanamh inrochtana do na toghthóirí ar fad ina ghné thar a bheith tábhachtach a dtugtar aghaidh air sa tuarascáil seo.

Leasaigh an t*Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* an t*Acht Toghcháin, 1992* chun an téarma "míchumas" a chur in áit an téarma "míchumas coirp" i ngach alt ábhartha d'Acht 1992. Rinneadh leasuithe freisin ar na forálacha reachtacha faoi phostvótáil agus an liosta vótálaithe speisialta chun freastal ar an sainmhíniú níos leithne sin de mhíchumas, a raibh an tionchar praiticiúil aige gur leathnaíodh an bonn toghthóirí a gcaithfear freastal ar a riachtanais shonracha agus seirbhísí sonracha a thabhairt dóibh tráth toghcháin. Léiríonn na hathchóirithe reachtacha a tugadh isteach na staitisticí míchumais ó Dhaonáireamh 2022 a léirigh, i gcás os cionn leath den 1,109,557 duine san iomlán a dúirt go raibh riocht nó deacracht fhadtéarmach amháin ar a laghad orthu, gur thuairiscigh siad riochtaí neamhfhisiciúla ar nós míchumas intleachta, riocht síceolaíochta nó fadhb mheabhairshláinte.

Aithníonn an Coimisiún nach mbíonn cistí tiomanta chun tacú le haon obair athchóirithe ag na cinn chomhairimh a bhíonn freagrach as stáisiúin vótála a roghnú. Chuir cinn chomhairimh in iúl don Choimisiún go bhfuil siad ag obair fós leis na húdaráis clárúcháin áitiúla chun inrochtaineacht a fheabhsú. Sonraítear go bhféadfaidh daoine ar dócha go mbeadh tionchar ag deacracht rochtana ina stáisiún vótála ainmnithe orthu iarratas a dhéanamh ar a vóta a aistriú chuig stáisiún níos inrochtana, cé nach réiteach inmholta é sin agus go gcaithfear caitheamh leis mar réiteach sealadach agus gearrthéarmach ar a mhéad.

4. Breathnóireacht Toghcháin

Cleachtas forleathan í an bhreathnóireacht toghcháin ina bhfreastalaíonn breathnóirí idirnáisiúnta nó intíre ar stáisiúin vótála lena mbreathnú, tráth a ndéanann siad measúnú ar na dálaí atá i bhfeidhm i réigiún nó i dtír ina bhfuil toghchán ar bun. Is é cuspóir na breathnóireachta imeachtaí toghcháin atá idir fhíor agus daonlathach a chothú, a dtrédhearcacht agus a gcreidiúnacht a fheabhsú, agus cur le cur chun cinn agus cosaint na gceart sibhialta agus polaitiúil trí chéile. Is é sprioc na breathnóireachta toghcháin sláine an phróisis toghcháin a fheabhsú.

Tá eagraíochtaí ar nós na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR), institiúid atá lonnaithe laistigh den Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), chomh maith le tionscadal an Aontais Eorpaigh um Breathnadóireacht Toghcháin agus Tacaíocht don Daonlathas (EODS) tar éis teimpléid chaighdeánacha a fhorbairt le

haghaidh monatóireacht toghcháin. Molann ESCE gur gníomhaíocht dírithe ar phróisis a bheadh sa bhreathnóireacht ina gcuimseofaí ceithre phríomhghné:[1]

1. Bailiú Faisnéise.
2. Anailís Faisnéise.
3. Baint Tátal.
4. Ceapadh Moltaí.

Cé nach raibh PEER ar na reifrinn a reáchtáladh ar an 8 Márta 2024 (PEER Mhárta 2024) chomh mór ná chomh casta agus a bheadh misean idirnáisiúnta breathnóireachta toghcháin, ghlac PEER Mhárta 2024 le prionsabail chosúla don bhreathnóireacht toghcháin. Toisc go bhfuil samhlacha measúnaithe ar mhonatóireacht toghcháin ODIHR agus EODS ailínithe leis an Dearbhú Prionsabal maidir le Breathnóireacht Idirnáisiúnta Toghchán[2], ghlac foirne breathnóireachta PEER le cur chuige na misean idirnáisiúnta breathnóireachta toghcháin agus bhain siad leas as prionsabail agus cleachtais éagsúla mar seo a leanas:

- Gan cur isteach ar ghnáthobair an phróisis toghcháin – oibriú ar bhealach neamhthoirtéiseach.
- Breathnú ar an gcaoi a dtéitear i ngleic le mírialtachtaí agus aighnis.
- Gan treoracha ná comhairle a thabhairt. Má iarrtar cúnamh, a mhíniú go cúramach go bhfuil comhaltaí an Choimisiúin ag freastal chun críche breathnóireachta amháin.
- Gan teagmháil d'aon ábhar toghcháin ar nós an bhosca ballóide, Chlár na dToghthóirí, páipéar ballóide, foirm cuntais páipéar ballóide.

Moltar in Election Monitoring Handbook[3] le ESCE gur féidir le tuairisc ar bhreathnóireacht toghcháin réimsí feabhsúcháin a shainaithint agus moltaí nithiúla a cheapadh faoin gcaoi a bhféadfaí próiseas toghcháin a fheabhsú. Léirítear an cur chuige sin i gcuspóirí PEERanna a leagtar amach i nDréachtchlár Taighde an Choimisiúin[4]:

> *"Le h**Athbhreithnithe Iar-Thoghcháin** beidh ACT ábalta aon réimsí le haghaidh feabhsúcháin maidir le stiúradh imeachtaí vótaíochta, go háirithe maidir le hinrochtaineacht agus maidir le rannpháirtíocht a threisiú [a shainaithint]."*

5. Riarachán Toghchán

Sula mínítear an próiseas a d'úsáid an Coimisiún don athbhreithniú seo, cabhróidh sé an chaoi a riartar an próiseas toghcháin in Éirinn a mhíniú go hachomair.

Bíonn cinn chomhairimh a cheaptar de réir dlí agus a bhfoireann toghcháin freagrach as riarachán na n-imeachtaí toghcháin. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as dlí agus beartas toghcháin, cúraimí oibríochta a bhaineann le toghcháin agus reifrinn a rith, soláthar faisnéise agus comhairle do chinn chomhairimh, údaráis clárúcháin agus an pobal agus ullmhacht a chinntiú chun toghcháin agus reifrinn a reáchtáil.[5]

Tá i bhfad níos mó i gceist leis na príomhchúraimí agus freagrachtaí a bhaineann le riarachán na n-imeachtaí toghcháin ná an vótáil ar lá an imeachta toghcháin féin, agus áirítear leo dualgais riaracháin a dhéanann cinn chomhairimh agus foireann toghcháin sna toghcheantair éagsúla roimh imeacht toghcháin, lena linn agus ina dhiaidh, ar nós:

- fógraí a fhoilsiú faoi shuíomhanna na stáisiún vótála;
- fógraí a fhoilsiú faoi na stáisiúin vótála sin a mheastar a bheith neamh-inrochtana do thoghthóirí faoi mhíchumas;
- údaruithe a eisiúint d'fhoireann nó do thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil chun vótáil ag stáisiúin vótála eile;
- vótaí poist a eisiúint;
- vótaí poist a oscailt;
- vótáil speisialta a stiúradh;
- páipéir bhallóide a scaradh;
- páipéir bhallóide a dheimhniú;
- páipéir bhallóide a chomhaireamh;
- páipéir bhallóide mhillte a bhreithniú;
- coimeád sábháilte páipéar ballóide a chinntiú;
- socruithe iompair slána a chinntiú le haghaidh páipéir bhallóide;
- na stáisiúin vótála ar fad a roghnú agus a fheistiú;
- oifigigh toghcháin a cheapadh: cinn chomhairimh, oifigigh cheannais mhaoirseachta, oifigigh cheannais agus cléirigh vótaíochta.

Chloígh an t-athbhreithniú a rinneamar leis na feidhmeanna sin agus chonaiceamar féin an obair dhíograiseach neamhchasaoideach a rinne na hoifigigh cheannais agus a bhfoireann i rith an lae fhada vótála ar an 8 Márta 2024. Tá muintir na hÉireann buíoch den díograis agus den bharr feabhais sin a thacaíonn leis an daonlathas.

6. Seicliosta PEER

Measadh go mbeadh sé cuí go mbeadh cuairteanna chun breathnú ar an bpróiseas vótála mar chuid de bhreathnóireacht an Choimisiúin, agus go n-úsáidfí cáipéis teimpléid chun breathnóireachtaí agus nótaí tráchta a thaifeadadh. Tharraing an teimpléad sin ar na teimpléid chaighdeánacha le haghaidh measúnú breathnóireachta toghcháin agus ar bhreithmheas dírithe ar chumas. D'úsáid comhaltaí agus foireann an Choimisiúin Seicliosta PEER i rith a gcuairteanna ar stáisiúin vótála ar an 8 Márta 2024.

SECTION A: Observer Team	
A1. Team Number	
A2. Time of Arrival	
A3. Time of Departure	
SECTION B: Polling Place Identification	
B1. Polling Place Name	
B2. Polling Station Number	
B3. Number of Polling Stations	
B4. Polling Place Presiding Officer	
B6. Polling Place Selection Criteria	☐ Disability ☐ Caring ☐ Inaccessibility ☐ Low Turnout ☐ Urban ☐ Other

SECTION C: Opening Checklist | Complete Only if Present at Opening		
C1. **Timing** | Was the polling place open for voting at the appointed time of 07:00?	Yes ☐	No ☐
→ Comments:		
C2.1 **Ballot Box** | Was the ballot box demonstrated to be empty to those that were present at the time of opening?	Yes ☐	No ☐
C2.2 **Ballot Box** | Was the ballot box demonstrated to be securely sealed to those that were present at the time of opening?	Yes ☐	No ☐
→ Comments:		

SECTION D: Exterior Checklist		
D1. **Signage** | Is there directional signage to the polling place on the approach route and an official notice displayed at the entrance?	Yes ☐	No ☐
→ Comments:		
D2.1 **Canvassing** | Are there any election posters in evidence within 50 meters of the curtilage of the polling place?	Yes ☐	No ☐
D2.2 **Canvassing** | Are there any alternative forms of canvassing e.g. leafleting in evidence within 50 meters of the curtilage of the polling place?	Yes ☐	No ☐
→ Comments:		

D3.1 **Car Parking** | Are car parking facilities for electors conveniently located in the general vicinity of the polling place?	Yes ☐ No ☐
D3.2 **Car Parking** | Is there designated accessible car parking for people with disabilities near the main pedestrian entrance to the polling place and is this signposted?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	

SECTION E: Interior Checklist	
E1.1 **Layout** | Is the layout in the polling place adequate for the conducting of the poll e.g. sufficient space, sufficient lighting etc.?	Yes ☐ No ☐
E1.2 **Layout** | Is the layout in the polling place intuitive and conducive to the flow of the polling process e.g. entrance, identification, voting, exit etc.?	Yes ☐ No ☐
E1.3 **Layout** | Is the layout in the polling place conducive to the security of the ballot box (public space) and the secrecy of the voting process (private space)?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
E2. **Staffing** | Are staff in the polling place identifiable and positioned in areas where they are visible to electors?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
E3.1 **Emergency** | Are emergency exists signposted?	Yes ☐ No ☐
E3.2 **Emergency** | Are emergency exists suitable for use by disabled electors and electors with reduced mobility?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
E4. **Posters** | Were the *Statements for the Information of Voters* posters available in bilingual format in English and Irish?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
E5. **Materials** | Are any of the essential election materials missing from the polling place?	Yes ☐ No ☐
→ If yes, please specify: ☐ Ballot Boxes ☐ Ballot Papers ☐ Ballot Paper Templates ☐ Register of Electors ☐ Balancing List ☐ Marking Instrument ☐ Reference Material ☐ Pencils/ Pens	
→ Comments:	

SECTION F: Voting Procedures Checklist	
F1. **Identification** | Were any electors asked to provide ID on being issued with a ballot paper during the time of the review? [Non-Mandatory]	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	

SECTION F Voting Procedures Checklist (Continued)	
F3.1 **Voting** | Did the voting compartments enable electors to vote in secret?	Yes ☐ No ☐
F3.2 **Voting** | Was there only one elector in a voting compartment at a time, unless accompanied by a voting companion?	Yes ☐ No ☐
F3.4 **Voting** | Were any electors observed engaging in 'selfies' or other forms of prohibited photography?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	

SECTION G: Electors with Disabilities Checklist	
G1.1 **Hazards** | Were there any steps or steep changes in level outside the polling place?	Yes ☐ No ☐
G1.2 **Hazards** | Are there any observable hazards or obstacles on the pedestrian approach to the polling place?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
G2. **Layout** | Is the layout suitable for electors with physical disabilities e.g. entryways, corridors, voting compartments etc.?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
G3.1 **Wheelchair Use** | Are the primary access points e.g. entrance, exit etc. generally of accessible dimensions for wheelchair users?	Yes ☐ No ☐
G3.2 **Wheelchair Use** | Is the interior accessible to wheelchair users in terms of layout e.g. turning space and an absence of obstacles?	Yes ☐ No ☐
G3.3 **Wheelchair Use** | Is the interior accessible to wheelchair users in terms of voting e.g. low-level voting compartments and ballot box accessibility?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
G4.1 **Vision Impairment** | Are Ballot Paper Templates (BPTs) available for electors with a vision impairment?	Yes ☐ No ☐
G4.2 **Vision Impairment** | Are ballot papers and signs available in a large-print format for electors, especially those with a vision impairment?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
G5. **Deaf/Hard of Hearing** | Are there any provisions to aid those who are Deaf/Hard of Hearing with a hearing impairment e.g. a Loop System (sound system) for hearing aids?	Yes ☐ No ☐
→ If yes, please provide further detail:	
G6. **Non-Physical Disabilities** | Did you observe any issues in relation to the assistance given to electors with intellectual, learning, sensory or developmental disabilities?	Yes ☐ No ☐
→ Comments:	
G7. **Voting Companion** | Was voting with the assistance of a voting companion in evidence during the review; if yes, was the oath issued by the Presiding Officer?	Yes ☐ No ☐
→ If yes, please provide further detail:	

SECTION H: Persons Present

H1. **Polling Place Staff |** Please indicate the staff present in the polling place at the time of review:

Staff	Present	Staff Numbers Present
Presiding Officer	☐	_____
Supervisory Presiding Officer	☐	_____
Poll Clerks	☐	_____

➔ Comments:

H2.1 **Authorised Persons** | Were there personation agents present in the polling place at the time of the review?	Yes ☐	No ☐

➔ If yes, please provide further detail:

H2.2 **Authorised Persons** | Were there any issues with regard to unauthorised persons present in the polling place at the time of this review?	Yes ☐	No ☐

➔ Comments:

Bhain PEER Mhárta 2024 le sonraí príomha a bhailiú ag an bhfoinse trí Sheicliosta PEER a chruthú, a ceapadh chun na réimsí ar fad ar theastaigh ó PEER Mhárta 2024 a scrúdú a ghabháil, ar nós inrochtaineacht stáisiúin vótála, infhaighteacht na bpríomhábhar agus cúnamh leis an vótáil. Bhí sé i gceist le Seicliosta PEER go n-eascródh breathnóireachtaí as na sonraí a bhaileofaí agus go n-aithneofaí aon fhadhbanna nó easnamh i dtaobh stáisiúin vótála, nósanna imeachta agus dálaí vótála. Baineadh úsáid freisin in PEER Mhárta 2024 as sonraí tánaisteacha a tógadh ó staitisticí Daonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Ar an 8 Márta 2024:

- Eisíodh an Seicliosta PEER deiridh do na 16 fhoireann breathnóireachta PEER, a raibh beirt ar gach aon cheann agus a sannadh ansin do stáisiúin vótála áirithe le cuairt a thabhairt orthu.
- Thóg an bhreathnóireacht thart ar 30 nóiméad ag gach stáisiún vótála.
- Chomhlánaigh an fhoireann breathnóireachta PEER a bhí ag freastal ar an stáisiún vótála foirm amháin den Seicliosta PEER le haghaidh gach stáisiúin.
- Seoladh na Seicliostaí PEER comhlánaithe ar ais chuig an gCoimisiún chun na sonraí a chomhthiomsú agus a anailísiú.

Rinneadh an fhaisnéis ar fad a bhailigh an Coimisiún ó na Seicliostaí PEER i rith na gcuairteanna ar stáisiúin vótála ar lá na vótála a chur le chéile go lárnach agus rinneadh na sonraí a anailísiú. Cuirtear na tátail agus na moltaí ón anailís sin i láthair sa tuarascáil PEER seo:

D'fhéadfadh gur fhág an chaoi ar braitheadh ar thaighde ar na breathnóireachtaí a rinne 16 fhoireann breathnóireachta PEER dhifriúla ag stáisiúin vótála go bhfuil na sonraí a bailíodh saghas suibiachtúil. Ach toisc go raibh beirt bhall foirne ar gach foireann breathnóireachta PEER, cabhraíodh le leibhéal áirithe oibiachtúlachta agus cruinneas feabhsaithe a chinntiú.

7. Stáisiún Vótála – Critéir Roghnúcháin

Chun na stáisiúin vótála[6] a dtabharfaí cuairt orthu a roghnú, baineadh leas as critéir éagsúla.

Léirítear i bhfigiúirí Dhaonáireamh 2022 a eisíodh faoi mhíchumas[7], go ndúirt 22% den daonra (1,109,557 duine) go raibh riocht nó míchumas fadtéarmach amháin ar a laghad orthu[8]. Léirítear i miondealú breise ar fhigiúirí 2022 nuair a fiafraíodh an raibh riocht fadtéarmach ag gabháil dóibh gur thuairiscigh 407,342 (8% den daonra) go raibh riocht fadtéarmach amháin ar a laghad orthu *"go mór"*, agus d'fhreagair 702,215 (14% den daonra) eile *"Tá, roinnt"*.

2022	
Daoine	**Cineál Míchumais**
259,050	Deacracht le foghlaim, cuimhneamh nó comhdhíriú
109,288	Míchumas intleachta
269,789	Riocht síceolaíoch nó mothúchánach nó deacracht meabhairshláinte
233,420	Bodhaire nó lagú éisteachta
296,601	Daille nó lagú amhairc
440,090	Deacracht le pian, análú nó aon tinneas nó riocht ainsealach eile
349,155	Deacracht le bunghníomhaíochtaí fisiceacha

Luaigh an Coimisiún go léiríonn staitisticí Dhaonáireamh 2022 an gá lena chinntiú go bhfreastalaítear ar an gcohórt vótála mór sin agus go gcabhraítear lena rannpháirteachas sa phróiseas polaitiúil, agus go dteastaíonn feabhsuithe ar inrochtaineacht.

Trí leas a bhaint as taca sonraí Dhaonáireamh 2022[9] i leith an mhíchumais, shainaithin an Coimisiún na 15 Thoghroinn ar fud an 26 contae ina raibh an daonra comhréireach is mó de dhaoine a dúirt míchumas nó riocht sláinte, chomh maith leis na 15 Thoghroinn ina raibh an daonra comhréireach is mó de dhaoine a dúirt gur cúramóirí gan phá iad do dhaoine faoi mhíchumas.

Roghnaíodh Toghranna mar an t-aonad tíreolaíoch is oiriúnaí don mhianadóireacht sonraí chun beaichte an phróisis roghnúcháin a uasmhéadú. Ní thabharfadh aonaid thíreolaíocha níos mó na leibhéil chéanna beaichte, agus d'fhéadfadh staitisticí ó aonaid thíreolaíocha níos lú a bheith as riocht go mór mar gheall ar a ndaonraí ísle agus neamhréireachtaí áitiúla.

Ach níor foilsíodh tacair sonraí uile Dhaonáireamh 2022 le haghaidh Toghranna ar leith. Anuas air sin, féadfaidh daonraí na dToghranna a bheith an-difriúil, rud a chruthódh an baol go ndéanfaí an iomarca ionadaíochta ar thoghranna níos lú sna stáisiúin vótála a roghnaíodh don suirbhé.

De bhun na bhforálacha reachtacha i dtaobh PEERanna, mheas an Coimisiún gur cheart don bhreathnóireacht agus anailís béim a chur ar inrochtaineacht, chomh maith le roinnt critéir eile maidir le líon na vótálaithe. Dá réir sin chuir roghnú na stáisiún vótála do na cuairteanna na critéir seo a leanas san áireamh:

1. stáisiúin vótála a sainaithníodh roimhe seo mar neamh-inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas (sonraí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta);
2. Toghranna ina raibh na céatadáin is airde de dhaoine faoi mhíchumas mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022;
3. Toghranna ina raibh na céatadáin is airde de chúramóirí mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022;
4. stáisiúin vótála i dToghranna i mBaile Átha Cliath ina raibh líon na vótálaithe íseal;
5. stáisiúin vótála i lárionaid uirbeacha mhóra eile;
6. stáisiúin vótála i réimse limistéar tíreolaíocha eile.

[Féach Aguisín 3: Stáisiúin Vótála PEER]

8. Bealaí PEER

Léarscáil de stáisiúin vótála a chatagóirigh cinn chomhairimh mar neamh-inrochtana in imeachtaí toghcháin roimhe seo.

Eochair	
	Neamh-inrochtana



Léarscáil de cheantair ina raibh an líon is mó daoine a dúirt go raibh míchumas orthu a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.

Eochair	
	Míchumas

Léarscáil de cheantair ina raibh an líon is mó cúramóirí gan phá a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.

Eochair	
	Cúramóirí

Léarscáil de na bealaí deiridh PEER iomlána.

Eochair	
	Neamh-inrochtana
	Míchumas
	Cúramóirí
	Baile Átha Cliath
	Lárionaid Uirbeacha Mhóra
	Eile



9. Ceist Lárnach na hInrochtaineachta

Tá rochtain éifeachtach agus éasca ar stáisiúin vótála ina príomhghné de vótáil chomhchoiteann, agus dá bhrí sin ceapadh ár n-athbhreithniú ar stáisiúin vótála chun measúnú a dhéanamh ar, inter alia, inrochtaineacht na stáisiún vótála roghnaithe don PEER seo. Bhí sé d'aidhm leis an athbhreithniú ar stáisiúin vótála i mí an Mhárta 2024 dea-chleachtas breathnóireachta toghcháin a chuimsiú i dteannta béim ar athbhreithniú ar inrochtaineacht. Táimid ar an eolas freisin faoi alt 68(3) d'Acht 2022 ina n-éilítear go n-áireofaí i dtuairisc sonraí ar an gcúnamh a thug oifigigh cheannais agus cinn chomhairimh do thoghthóirí, toghthóirí faoi mhíchumas go háirithe.

Ag labhairt dó don Chomhchoiste um Nithe a bhaineann le Míchumas Dé Céadaoin, 25 Deireadh Fómhair 2023[10], luaigh Art O'Leary, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin, an tábhacht a bhaineann le constaicí ar rannpháirteachas in imeachtaí toghcháin a bhaint.

> ***"Táimid tar éis éirí an-eolach ar an gcaoi a bhfuil uilíocht rochtain na ndaoine ar vótáil agus rannpháirteachas daonlathach breac le constaicí – cuid díobh fisiciúil, ag baint le rochtain foirgnimh; cuid eile ag baint lenár bpróisis clárúcháin toghcháin; agus cuid eile arís ag baint leis an vótáil féin. Tá dearbhú follasach ag daoine faoi mhíchumas i leith rannpháirteachas comhionann sa saol polaitiúil agus poiblí faoi Airteagal 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), ach ní mar sin a bhíonn cúrsaí i ndáiríre go minic nuair a theastaíonn uathu an ceart sin a éileamh."***

Deirtear in Airteagal 29 de *Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas* go gcaithfear an deis agus an ceart chun vótála a dhearbhú do dhaoine faoi mhíchumas ar comhchéim le daoine eile, ag cinntiú go bhfuil na nósanna imeachta, saoráidí agus ábhair vótála oiriúnach, inrochtana agus éasca le tuiscint agus le húsáid, agus go gcosnaítear ceart daoine faoi mhíchumas vótáil faoi rún.

Chun riachtanais na dtoghthóirí ar lá na vótála a thuiscint, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Seicliosta Inrochtaineachta (féach ar Aguisín 1) a d'eisigh an Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas (faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ar ball de an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, údar bunaidh an tseicliosta) in 2018. Cuireadh an Seicliosta Inrochtaineachta in *Memorandum for the Guidance of Returning Officers General Election 2020* den chéad uair, agus eisíodh é mar aguisín in *Memorandum for the Guidance of Returning Officers* le haghaidh na reifreann i mí an Mhárta 2024.

Cumhdaítear sa Seicliosta Inrochtaineachta inrochtaineacht vótála ag stáisiúin vótála, ina measc treochomharthaíocht chuig stáisiúin vótála, saoráidí páirceála agus baint bacainní lasmuigh agus laistigh den bhealach isteach chuig stáisiúin vótála.

Seicliosta Inrochtaineachta – Réimsí Measúnaithe Samplacha

- An bhfuil treochomharthaíocht chuig an stáisiún vótála feadh na mbealaí chuige ar fad agus ag an mbealach isteach?
- An bhfuil páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas gar do phríomhbhealach isteach an stáisiúin vótála do choisithe agus an bhfuil sé marcáilte go soiléir?
- An bhfuil dóthain spás casta istigh go bhféadfadh úsáideoir cathaoireach rothaí bogadh go héasca ón mbealach isteach chuig an seomra vótála agus a bpáipéar ballóide a fháil, a vóta a chaitheamh agus an vóta a chur sa bhosca ballóide?

Bunaíodh go leor de na ceisteanna ar Sheicliosta PEER ar Fhoirm Tuairiscithe ar Bhreathnóireacht Vótála[11] ESCE, agus rinneadh tagairt freisin do Instructions and checklist for polling station inspectors[12] ó Choimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe. Anuas air sin, chuathas i gcomhairle le hiar-cheann comhairimh i dtoghcháin Éireannacha mar chuid de phróiseas forbartha Sheicliosta PEER chun dearcadh ceann comhairimh a léiriú.

D'fhéachamar freisin ar roinnt ábhair idirnáisiúnta chun cabhrú lenár seicliosta PEER a ullmhú, agus déantar cur síos gairid orthu siúd anseo.

An Ríocht Aontaithe

Chuir Coimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe *Checklist for Polling Station Inspectors*[13] i dtoll a chéile, chomh maith le *Polling Place Review Project Plan Checklist agus Guide to Assessing Polling Place Suitability.*[14]

Go suntasach, cuimsítear sa nós imeachta athbhreithnithe le haghaidh údaráis áitiúla ceanglas go rachfaí i gcomhairle le ceann comhairimh (Gníomhach) Pharlaimint na Ríochta Aontaithe le haghaidh gach toghcheantair ina limistéar, go dtabharfaí fógra poiblí faoi aon athbhreithnithe atá ar bun ag na húdaráis áitiúla, go n-iarrfaí dearcthaí na gcónaitheoirí ar fad, cónaitheoirí faoi mhíchumas go háirithe, agus go ndéanfadh aon duine nó comhlacht ag a bhfuil saineolas i rochtain le haghaidh daoine faoi aon chineál míchumais aighneacht nó tuairim a chur isteach faoi thograí an údaráis.

An Eastóin

Tagraítear i dtuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh *Treoir maidir le dea-chleachtais thoghchánach i mBallstáit lena dtugtar aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas sa phróiseas toghchánach*[15] don Seicliosta Inrochtaineachta a leanas a úsáidtear san Eastóin.

Na critéir ar a ndearnadh measúnú	Tá	Níl
Iompar poiblí agus páirceáil		
Is féidir an foirgneamh ina bhfuil an stáisiún vótála suite a rochtain le hiompar poiblí		
Tá spásanna páirceála ag an bhfoirgneamh le haghaidh feithiclí daoine faoi mhíchumas		
Rochtain saor ó chonstaicí ann ón limistéar páirceála chuig an bpríomhbhealach isteach go dtí an foirgneamh		
Rian rochtana agus iontráil san fhoirgneamh		
Tá comharthaíocht ag gabháil leis an rian go dtí an foirgneamh agus leis an bpríomhbhealach isteach		
Tá an iontráil chuig an bhfoirgneamh inrochtana le rampa		
Tá lámhráillí ag an rampa chomh maith le dromchla frithshleamhnánach cothrom		
Tá an rampa ar leithead leordhóthanach (1.1 m ar a laghad)		
Is féidir le húsáideoirí cathaoireacha rothaí tairseach dorais an fhoirgnimh a thrasnú go neamhspleách		
Tá an doras amuigh inoscailte go huathoibríoch nó is féidir é a oscailt go héasca		
Tá an doras amuigh inoscailte go huathoibríoch nó is féidir é a oscailt go héasca		
Rian rochtana go dtí an áit vótála san fhoirgneamh		
Tá an áit vótála ar an urlár céanna leis an bpríomhbhealach isteach go dtí an foirgneamh		
Tá an áit vótála (mura bhfuil sí ar an urlár céanna leis an bpríomhbhealach isteach) inrochtana le hardaitheoir nó rampa		
Tá an rian ón bpríomhbhealach isteach go dtí an áit vótála ar leithead leordhóthanach (1.5 m ar a laghad)		
Tá an rian rochtana go dtí an áit vótála saor ó chonstaicí, lena n-áirítear tairseacha dorais, a chuireann bac ar rochtain cathaoireacha rothaí		
Tá na doirse istigh inoscailte go huathoibríoch nó is féidir iad a oscailt go héasca		
Tá comharthaíocht ag gabháil leis an rian go dtí an stáisiún vótála		
Tá soilsiú leordhóthanach in áitreabh inmheánach an fhoirgnimh		
Gluaiseacht sa stáisiún vótála		
Tá spás leordhóthanach ann chun cathaoireacha rothaí agus áiseanna soghluaisteachta eile a aistriú sa stáisiún vótála		
Tá suíocháin sa stáisiún vótála le haghaidh vótálaithe ar gá dóibh a scíth a ligean		
Tá soilsiú leordhóthanach sa stáisiún vótála		

San Eastóin, is í Oifig an tSeansailéara Ceartais comhlacht monatóireachta Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) agus déanann sí measúnú tréimhsiúil ar inrochtaineacht stáisiún vótála agus tarraingíonn aird na n-údarás ar aon easnamh. Luaitear i dtuarascáil ODIHR ó 2023[16] ionadaithe Oifig an tSeansailéara Ceartais a thuairiscigh go raibh 80% de na stáisiúin vótála inrochtana i dtoghcháin pharlaiminteacha na hEastóine in 2019.

An Astráil

Baineann Coimisiún Toghcháin na hAstráile leas as Seicliosta Inrochtaineachta[17] ina bhforáiltear gur cheart go mbeadh an méid seo a leanas ag áitribh vótála nuair is féidir:

- cosán taistil cothrom, crua agus saor ó chonstaicí chuig an áit vótála;
- spás casta sa limistéar vótála lena úsáid acu siúd a bhaineann leas as gairis soghluaisteachta;
- treochomharthaíocht shoiléir;
- rochtain ar spásanna páirceála inrochtana;
- rochtain éasca ar iompar poiblí (laistigh de 400 méadar de stad bus/traenach más féidir, nó 800 méadar do chineálacha eile iompair phoiblí);
- seomra vótála eile ina bhfuil soilsiú is féidir a athrú, más féidir, chun vótáil a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine atá íogair i leith na gcéadfaí;
- limistéar scíthe idir teorainn an tsuímh agus an áit vótála chun tacú le féinrialúchán cognaíoch, céadfaí agus imní.

Socruithe inmheánacha:

- scáileán vótála inrochtana leagtha ar aon líne le scáileáin vótála eile;
- boird do bheirt ag a bhfuil scáileáin vótála inrochtana chun vótáil chuidithe a éascú;
- boird agus cathaoireacha eile le haghaidh vótáil suite.

Ní ainmnítear aon stáisiúin vótála do na toghthóirí san Astráil, mar sin is féidir le toghthóirí vóta a chaitheamh áit ar bith a roghnaíonn siad féin, agus sannann Coimisiún Toghcháin na hAstráile (AEC) rátáil inrochtaineachta ar gach stáisiún vótála. Is iad na rátálacha inrochtaineachta sin: inrochtana ag cathaoir rothaí; rochtain chuidithe do chathaoir rothaí; níl inrochtana ag cathaoir rothaí. Foilsítear iad sin ar shuíomh gréasáin AEC[18], chomh maith le faisnéis ghinearálta faoi inrochtaineacht ionaid.

Vótáil Inrochtana – Vóta Poist

Sula bhfágtar ceist na hinrochtaineachta, ba mhaith leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go gonta ar cheist na vótála poist. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar an gceist seo ar bhealach níos cuimsithí i rith tionscadal taighde molta, ach tá tráchtaireacht ag teastáil anseo i dtaobh na deacrachta a bhíonn le sárú ag vótálaithe faoi mhíchumas a dteastaíonn uathu vóta poist a úsáid.

In achoimre ar Airteagal 29 a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais[19] in 2023, cuireadh imní in iúl go mbíonn ar thoghthóirí faoi mhíchumas teastas leighis a fháil chun clárú don vótáil phoist. Measann an Coimisiún go bhféadfadh costas breise a bheith i gceist i gcás go leor iarratasóirí mar gheall ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair, agus gur ionann sin agus bacainn éagórach ar rannpháirteachas, nach dtagann le hAirteagal 29 de UNCRPD. Moltar go simpleofaí an clárú don vótáil phoist, agus nach mbeadh aon chostas airgeadais ar iarratasóir i gceist leis. Luann an Coimisiún gur eascair feabhas dearfach as an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, is é sin go gcaithfear fógra a thabhairt anois sula mbaintear an ceart chun vótála poist, agus nach gcaithfear clárú gach bliain níos mó. Is ar an duine féin atá an fhreagracht an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas má thagann athrú ar a gcúinsí agus nach dteastaíonn vóta speisialta/poist níos mó.

Tugtar tiomantas in *Clár Taighde 2024–2026*[20] ón gCoimisiún do thaighde ar cheist na vótála poist, le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas freisin. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh freisin ar na nósanna imeachta a rialaíonn riarachán na vótála poist in PEERanna amach anseo, go háirithe le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas.

10. Anailís

Leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin in alt 30 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, lena n-áirítear alt 30(2) ina bhforáiltear:

> ***"Beidh ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin."***

Ní fhaca an Coimisiún an uair seo go raibh aon drogall ar na hoifigigh cheannais ná ar a bhfoireann muid a bheith i láthair ag stáisiúin vótála, ach measaimid go n-éascófaí breathnóireacht toghcháin an Choimisiúin le foráil reachtúil shainráite faoi fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid comhairimh na n-imeachtaí toghcháin chun cur leis na forálacha reachtacha atá in Acht 2022 cheana féin.

Tríd is tríd, rinne leagan amach fhormhór na stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu éascaíocht do ghluaiseacht an phróisis vótála (bealach isteach, aitheantas, vótáil, bealach amach) agus bhí dóthain spáis agus soilse iontu. Go ginearálta, bhí foireann na stáisiún vótála inaitheanta agus suite i limistéir ina raibh siad le feiceáil ag na toghthóirí. Ní fhacthas aon toghthóirí ag tógáil 'féiníní' ná aon chineál eile grianghrafadóireachta a bhfuil cosc air. I bhformhór na stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, bhí toghthóirí in ann vótáil faoi rún sna hurranna vótála.

Tháinig foirne breathnóireachta PEER ar roinnt fadhbanna, áfach, ina measc droch-threochomharthaíocht ar na bealaí chuig stáisiúin vótála, easpa saoráidí páirceála i gceantair uirbeacha, líon róbheag spásanna páirceála sannta do thoghthóirí faoi mhíchumas nó gan aon chuid ann, agus guaiseacha ag bealaí isteach chuig foirgnimh. Déanfar cur síos níos cuimsithí orthu siúd anois.

Tá reachtaíocht a bhaineann le hinrochtaineacht na vótála san *Acht Toghcháin (Leasú), 1996* den chuid is mó, acht a leasaigh *Acht Toghcháin 1992*. *Foráiltear in alt 3(1)(a) d'Acht 1996* go ndéanfaidh na cinn chomhairimh, más indéanta, stáisiúin vótála atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil. Bhí ár mbreathnóireachtaí thar a bheith díomách ina leith sin, toisc gur measadh go raibh thart ar an gceathrú cuid de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu deacair le rochtain ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí, cé gur cheart a luadh, as an 98 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, go raibh cinn chomhairimh in imeachtaí toghcháin roimhe sin tar éis 29 díobh a chatagóiriú mar neamh-inrochtana cheana féin.

As an 69 stáisiún vótála a roghnaíodh bunaithe ar chritéir seachas "neamh-inrochtaineacht", ní raibh 16% éasca le rochtain ag an mbealach isteach chuig an áit vótála. Luaigh breathnóirí an Choimisiúin cúiseanna éagsúla lena meas nach raibh bealach isteach éasca le rochtain, ina measc constaicí agus bacainní a bheith sa bhealach, céimeanna mar shampla; easpa bonneagar inrochtaineachta, rampa do chathaoireacha rothaí nó ardaitheoir ardáin mar shampla; agus toisí srianta an spáis ag an mbealach isteach. D'fhéadfadh na fadhbanna sin bac a chur ar thoghthóirí, úsáideoirí cathaoireacha rothaí go háirithe, rochtain a fháil ar na stáisiúin vótála sin. Anuas air sin, ag 23% den 69 stáisiún vótála sin, measadh nach raibh na socruithe le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí chun marcáil agus leagan na bpáipéar ballóide sa bhosca ballóide a éascú de réir na forála a phléitear in alt 3(2)(b)(i) den *Acht Toghchán, 1996*. Sonraíodh an easpa urrann vótála íseal agus boscaí ballóide ísle dá réir sin. Ní raibh fadhbanna le leagan amach inmheánach na stáisiún vótála sin chomh coitianta céanna, agus níor tuairiscíodh go raibh leagan amach inmheánach a bhí neamh-inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus constaicí laistigh den stáisiún vótála ach ag 3% de na stáisiúin vótála.

Is féidir le fadhbanna inrochtaineachta cur isteach ar thoghthóirí éagsúla, ní hiad siúd a úsáideann cathaoir rothaí amháin. Is féidir le fadhbanna dul isteach agus amach as stáisiún vótála cur isteach ar thoghthóirí a úsáideann áis siúlóide nó a bhfuil pram leo. Tá dálaí seachtracha, ar nós céimeanna nó fánaí géara, chomh maith le dálaí inmheánacha, ar nós constaicí de bharr earraí nó troscáin, in ann guais a chruthú do thoghthóirí. Bhí dálaí seachtracha a chruthaigh guais do thoghthóirí ag 33% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, agus bhí constaicí ag roinnt stáisiúin vótála, thart ar 18% díobh siúd ar tugadh cuairt orthu, a chruthaigh guais do thoghthóirí.

Ba bhac coitianta ar inrochtaineacht sheachtrach céimeanna ag an mbealach isteach chuig stáisiún vótála. Luadh go raibh céim nó cúpla céim ag an mbealach isteach ag 15% de na stáisiúin vótála ar fad ar tugadh cuairt orthu. Arís agus arís eile, measadh gur guais iad na céimeanna, go háirithe nuair a bhí fána ghéar leis na céimeanna nó nuair nach raibh siad marcáilte. I gcás amháin, measadh gur guais a bhí i leathchéim neamhrialta. Chun an inrochtaineacht a fheabhsú, cuireann oifigigh cheannais rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil go minic, ach thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER nárbh ionann caighdeán na rampaí sin ar fad. I gcás amháin, ní raibh an fhoireann ag an stáisiún vótála in ann an rampa cathaoireacha rothaí a chur in airde.

Chruthaigh na doirse isteach chuig stáisiúin vótála fadhbanna breise inrochtaineachta. I bhformhór na gcásanna, b'fhadhbanna sealadacha agus inréitithe iad sin, ar nós doirse inmheánacha a bheith dúnta nó leathdhúnta, rud a chuir srian ar rochtain úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Bhí fadhbanna eile a bhain le doirse níos deacra le réiteach, nuair a chuir meáchan agus toisí na doirse, doirse seachtracha go háirithe, bac ar úsáideoirí cathaoireacha rothaí iad a úsáid, mar shampla. Shainaithin foirne breathnóireachta PEER fadhbanna le doirse ag os cionn stáisiún vótála amháin as gach deich gcinn. B'fhadhb ghaolmhar tairseacha arda. Luadh go raibh ciumhais shuntasach tairsí a chruthaigh guais do thoghthóirí ag 5% de na stáisiúin vótála, agus go raibh an tairseach deacair nó dodhéanta le húsáid ag úsáideoir cathaoireach rothaí gan chúnamh.

Tugadh constaicí faoi deara i roinnt ionad. Ag stáisiún vótála amháin, bhí trealamh giom i láthair, a chruthaigh guais do thoghthóirí, iad siúd a raibh lagú amhairc orthu go háirithe. Ag stáisiún vótála eile, baineadh úsáid as cathaoir chun an doras a choinneáil oscailte, rud a bhlocáil chuid den bhealach isteach. I stáisiún vótála eile, bhlocáil pota bláthanna an bealach isteach. Tugadh constaicí faoi deara ag bealaí éalaithe éigeandála freisin. Ag stáisiún vótála amháin, bhí urrann vótála sa bhealach ar bhealach éalaithe éigeandála. Ag ceann eile, bhlocáil comhla sheachtrach an bealach éalaithe éigeandála. I measc na bhfadhbanna eile le bealaí éalaithe éigeandála bhí easpa comharthaíocht chuí, easpa rampaí agus fadhbanna le toisí agus inrochtaineacht ghinearálta na mbealaí amach. I gcás amháin, ní raibh mar bhealach éalaithe éigeandála ach fuinneog ardaithe. In dhá chás, ní raibh aon bhealach éalaithe éigeandála ann. Ar an iomlán, measadh go raibh bealaí éalaithe éigeandála míshásúla ag thart ar 15% de na stáisiúin vótála.

Is gléas plaisteach trédhearcach é an teimpléad páipéir ballóide atá le leagan ar bharr an pháipéir ballóide chun vótáil

toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu a éascú. Le hIonstraim Reachtúil, I.R. Uimh. 196 de 2019 – Rialacháin Toghchán (Teimpléad Páipéir Ballóide) 2019, de bhun I.R. Uimh. 196(3), foráiltear go bhfuil na teimpléid sin le cur ar fáil ag cinn chomhairimh sna stáisiúin vótála má theastaíonn siad. Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER go raibh teimpléid páipéir ballóide ar fáil i bhformhór mór na stáisiún vótála, ach nach raibh siad ar fáil i gceithre stáisiún vótála as an 98 ar tugadh cuairt orthu. Bhí aiseolas teoranta ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi leibhéal úsáide na dteimpléad páipéir ballóide a úsáideadh i reifrinn mhí an Mhárta, cé gur taifeadadh gur úsáideadh 60 teimpléad in Olltoghchán 2020. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar úsáid na dteimpléad sin agus na saoráidí atá ar fáil do thoghthóirí atá dall agus a bhfuil lagú amhairc orthu in PEERanna amach anseo, agus scrúdófar tuarascáil na hEagraíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Voice of Vision Impairment, ar vótáil sna reifrinn, *Voting in the Referendums*[21], chuige sin.

Tá reachtaíocht a bhaineann le nósanna imeachta vótála san Acht Toghcháin, 1992 den chuid is mó, a chuirtear i bhfeidhm ar Acht an Reifrinn, 1994 de réir alt 32(1) d'Acht 1994. Ceanglaítear le halt 101(2)(c) den Acht Toghcháin, 1992 go gcuirfear marc sa chlár os coinne uimhir an toghthóra á thaispeáint gur eisíodh páipéar ballóide don toghthóir sin. Chonaic foirne PEER gur comhlíonadh an ceanglas sin go substaintiúil. Breathnaíodh gur marcáladh formhór mór na bpáipéar ballóide leis an marc oifigiúil nó gur "stampáladh" iad de réir alt 101(2)(b) den Acht Toghcháin, 1992. Breathnaíodh cás amháin nár stampáladh páipéar ballóide. Tá an Coimisiún ar an eolas gur thug na sonraí a tháirg na cinn chomhairimh le fios gur milleadh 742 vóta ar an reifreann faoin Teaghlach i mí an Mhárta 2024 toisc go raibh marc oifigiúil in easnamh ón bpáipéar ballóide. Ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur ar na baill foirne ar fad ag stáisiúin vótála, le béim faoi leith ar a chinntiú go stampáiltear páipéir bhallóide. Tá an Coimisiún ag tabhairt aghaidh freisin ar fhadhb na vótaí millte neamhbheartaithe mar cheist a bhfuil tús áite le tabhairt dó ina thionscnaimh oideachais do vótálaithe, for-rochtana agus méadaithe feasachta.

Mheas foirne breathnóireachta PEER gur chinntigh na hurranna vótála sna stáisiúin vótála ar fad ar tugadh cuairt orthu rúndacht an vóta, mar a bhforáiltear dó in alt 94(5)(a) den *Acht Toghcháin, 1992*, cé nach raibh an leagan amach ag dhá stáisiún vótála chun príobháideachas a chinntiú sa phróiseas vótála róshásúil. Comhlíonadh an ceanglas a chinntiú go mbíonn toghthóir amháin ag an am san urrann vótála, mar a bhforáiltear dó in alt 101(3) den *Acht Toghcháin, 1992*, agus níor breathnaíodh ach dhá chás de shárú dealramhach ina ndearna ball teaghlaigh iarracht cúnamh a thabhairt do thoghthóir. Cé go bhforáiltear do vótáil compánaigh faoi alt 103 den Acht Toghcháin, 1992, ní raibh sé soiléir ar chomhlíon na cúinsí an tástáil reachtúil agus ar cloíodh leis na coimircí reachtúla.

Maidir le haon chur isteach féideartha ar thoghthóirí ag stáisiúin vótála, shainaithin Foirne Breathnóireachta PEER ceithre chás inar cosúil gur sáraíodh alt 33 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001 – leasú ar alt 147(2)(c) den Phríomh-Acht – ina gcuirtear cosc ar aon phóstaer a bhaineann leis an toghchán a thaispeáint laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste stáisiúin vótála.

Thrácht foirne breathnóireachta PEER ar fhadhbanna leis an leagan amach i 10% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu. Bhain údar imní coitianta leis an easpa comharthaíocht inmheánach sa stáisiún vótála. Tuairiscíodh go bhféadfadh gur cuireadh isteach ar phríobháideachas mar gheall ar an leagan amach in dhá stáisiún vótála. Ag stáisiún vótála amháin bhí amhras faoi shlándáil an bhosca ballóide, toisc go raibh an bosca ballóide suite in aice leis an mbealach isteach a d'úsáid toghthóirí chun dul isteach sa stáisiún vótála.

11. Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER

Ceist Sheicliosta PEER	√	X	% √	% X	N/B
D1. Comharthaíocht	36	56	39%	61%	8
D2.1 Canbhasáil (Póstaeir)	4	93	4%	96%	3
D2.2 Canbhasáil (Eile)	1	95	4%	96%	3
D3.1 Páirceáil (Ar Fáil)	88	9	91%	9%	3
D3.2 Páirceáil (Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Fáil)	47	46	51%	49%	7
E1.1 Leagan Amach (Leordhóthanach)	96	1	99%	1%	3
E1.2 Leagan Amach (Fabhrach)	93	3	97%	3%	4
E1.3 Leagan Amach (Slándáil)	94	2	98%	2%	4
E2. Foireann (Inaitheanta)	95	1	99%	1%	4
E3.1 Bealach Éalaithe Éigeandála (Comhartha)	84	12	88%	12%	4
E3.2 Bealach Éalaithe Éigeandála (Úsáid Daoine faoi Mhíchumas)	66	26	72%	28%	8
E4. Póstaeir	90	6	94%	6%	4
E5. Ábhair	10	77	12%	88%	13
F1. Aitheantas	52	37	58%	42%	11
F2.1 Páipéar Ballóide (Stampáilte)	89	1	99%	1%	10
F2.2 Páipéar Ballóide (Clár Marcáilte)	88	1	99%	1%	11
F3.1 Vótáil (Rúndacht Urrainne)	95	0	100%	0%	5
F3.2 Vótáil (Toghthóir Amháin san Urrann)	87	2	98%	2%	11
F3.3 Vótáil (Féiníní)	90	0	100%	0%	10
G1.1 Guaiseacha (Céimeanna)	31	64	33%	67%	5
G1.2 Guaiseacha (Constaicí)	17	75	18%	82%	8
G2. Leagan Amach (Úsáid Daoine faoi Mhíchumas)	81	14	85%	15%	5
G3.1 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Toisí Inrochtana)	74	23	76%	24%	3
G3.2 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Spás Inrochtana)	87	8	92%	8%	5
G3.3 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Vótáil Inrochtana)	68	24	74%	26%	8
G4.1 Lagú Amhairc (Teimpléad Páipéir Ballóide ar Fáil)	91	4	96%	4%	5
G4.2 Lagú Amhairc (Cló Mór)	31	58	35%	65%	11
G5. Bodhar/Allaíre (Lúb)	1	93	1%	99%	6
G6. Míchumais Neamhfhisiciúla (Cúnamh)	2	73	3%	97%	25
G7. Compánach Vótála (Cúnamh/Mionn)	6	68	8%	92%	26
H2.1 Daoine Údaraithe (Pearsanaíocht)	0	90	0%	100%	10
H2.2 Daoine Údaraithe (Fadhbanna)	1	89	1%	99%	10

12. Lámhleabhair Treorach d'Oifigigh Bainistíochta Toghchán

Cloíodh go sásúil, den chuid is mó, leis na treoirlínte agus nósanna imeachta toghcháin a leagtar amach sna *Lámhleabhair Treorach* a eisíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do chinn chomhairimh agus d'oifigigh cheannais. Léiríonn na *Lámhleabhair Treorach* sin an príomhdhlí toghcháin in Éirinn. Molann an Coimisiún go gcuirfí na lámhleabhair úsáideacha sin ar fáil go poiblí, le haon sonraí oibríochta rúnda fágtha ar lár.

Measann an Coimisiún freisin gur cheart na lámhleabhair treorach atá i bhfeidhm faoi láthair a leathnú chun freastal ar chohóirt toghthóirí níos leithne, ar nós daoine atá faoi mhíchumas neamhfhisiciúil agus vótálaithe atá néara-éagsúil, i bhfianaise an leathnaithe reachtaigh le deireanaí ar an sainmhíniú ar mhíchumas chun toghthóirí faoi mhíchumas neamhfhisiciúil a áireamh. Ba cheart don treoir sonraí Dhaonáireamh 2022 a léiriú maidir le daoine a deir go bhfuil raon míchumais neamhfhisiciúla orthu, chomh maith le réimsí ar nós na néara-éagsúlachta. Ba cheart an treoir is deireanaí a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí na Samhna 2022, Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas[22], a nuashonrú agus a leathnú.

13. Sonraí Vótála Toghchán: Taithí Vótálaithe

Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) le haghaidh na hÉireann

Mar chuid d'fhorbairt an Choimisiúin de Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) le haghaidh na hÉireann[23], thug Ipsos B&A faoi shuirbhé duine le duine ar shampla ionadaíoch de 3,557 vótálaí ar an 8 Márta 2024. Roinneadh an suirbhé, agus cuireadh sraith ceisteanna (thíos) ar thart ar leath an tsampla (1,874) faoina dtaithí vótála.

C.8a Smaoinigh ar nuair a tháinig tú anseo inniu chun do vóta a chaitheamh. An raibh sé éasca nó deacair rochtain a fháil ar an stáisiún vótála?		
1. Éasca	2. Deacair	3. Ní fios
C.8b An raibh sé éasca nó deacair an áit a bhí ort a dhul chun vóta a chaitheamh a aimsiú san fhoirgneamh?		
1. Éasca	2. Deacair	3. Ní fios

C.8c An raibh dóthain príobháideachais agat nuair a chaith tú do vóta dar leat?		
1. Bhí	2. Ní raibh	3. Ní fios

C.8d Ar theastaigh aon chúnamh breise uait ó aon duine den fhoireann a bhí ag obair anseo?		
1. Theastaigh	2. Níor theastaigh	3. Ní fios

MÁ THEASTAIGH AG C.8D, FIAFRAIGH C.8e		
C.8e An raibh tú sásta nó míshásta leis an gcúnamh a fuair tú?		
1. Sásta	2. Míshásta	3. Ní fios

Céatadán na Vótálaithe a Thug Freagra Dearfach ar Cheisteanna Suirbhé faoi 'Taithí Vótálaithe'

	Rochtain Éasca C8.a	Éasca le hAimsiú C8.b	Dóthain Príobháideachais C8.c	Theastaigh Cúnamh C8.d
Vótálaithe ar an Teaghlach agus Cúram	98%	98%	98%	7%



Cé gur údar misnigh iad na figiúirí sin agus go léiríonn siad íomhá dhearfach ar an iomlán, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann 2% de vótálaithe agus thart ar 30,000 díobh siúd a chaith vóta i mí an Mhárta 2024. Ní beag an líon é sin.

Beartaítear tuilleadh anailíse a dhéanamh ar thaithí vótála daoine faoi mhíchumas mar chuid de NEDS an Choimisiúin faoi mhí an Mheithimh, chomh maith leis an mbéim a chuirfear air in PEER mhí an Mheithimh.

14. Moltaí

	Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid comhairimh le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.
	Na caighdeáin inrochtaineachta le haghaidh stáisiúin vótála a athbhreithniú agus a leathnú i **Seicliosta Inrochtaineachta** nuashonraithe.
	Rátáil Inrochtaineachta a shannadh do gach stáisiún vótála atá éasca le seiceáil ag toghthóirí roimh dóibh vóta a chaitheamh.
	An t-ábhar vótála ar fad a athbhreithniú ag féachaint le raon níos leithne d'fhormáidí inrochtana a chur ar fáil.
	Lámhleabhair treorach a eisítear do chinn chomhairimh agus d'oifigigh cheannais a chur ar fáil don phobal, le haon sonraí oibríochta rúnda fágtha ar lár.
	Oiliúint chaighdeánach a chur ar na baill foirne ar fad ag stáisiúin vótála, le béim faoi leith ar a chinntiú go marcáiltear páipéir bhallóide i gceart.
	A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar an bhfoireann ag stáisiúin vótála chun cabhrú le toghthóirí a bhfuil raon míchumas orthu, míchumais neamhfhisiciúla ina measc.
	Lámhleabhar treorach a fhoilsiú do thoghthóirí ina mínítear na saoráidí agus na háiseanna vótála a bhíonn ar fáil ag stáisiúin vótála.

15. Tátal

Tá sé i gceist go mbeadh an bhreathnóireacht agus an freastal ar imeachtaí toghcháin a dhéanann comhaltaí agus foireann an Choimisiúin ina gcuid de gach PEER amach anseo. Cuirfidh an chéad PEER seo faoi Mhárta 2024 bonn eolais faoi stiúradh an PEER le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, na dtoghchán áitiúil agus thoghcháin Mhéara Luimnigh Dé hAoine, 7 Meitheamh 2024. I gcás PEER Mheitheamh 2024, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh arís ar chuid de na cúrsaí a phléitear anseo. Tugann reáchtáil cúpla imeacht difriúil toghcháin i dtréimhse chomh gearr sin deis dúinn ár dtaighde a bheachtú agus dul chun cinn a dhéanamh air.

De réir shainordú an Choimisiúin rannpháirteachas agus ionchuimsitheacht vótálaithe sa phróiseas daonlathach a spreagadh, díreofar go minic in PEERanna ar thaithí vótálaithe agus ar a rochtain ar imeacht toghcháin. Anuas air sin, ag cur san áireamh an sainmhíniú ar PEER mar thuarascáil ar riarachán an imeachta toghcháin lena mbaineann, agus ag tagairt do na forálacha dlíthiúla a shonraítear in alt 68(3) den Acht, ar nós Airteagal 74 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995[24], meastar go bhféadfadh PEERanna amach anseo béim a chur freisin ar ghnéithe breise de riarachán imeachta toghcháin, ar nós na páipéir bhallóide agus cáipéisí eile a bhaineann le himeacht toghcháin a choimeád slán. D'fhéadfaí raon feidhme PEERanna a leathnú amach anseo freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis, na saoráidí agus na seirbhísí a thugtar do vótálaithe faoi mhíchumas i gcaitheamh an phróisis toghcháin, agus ní díreach ar lá an imeachta toghcháin.

Ghlac an Coimisiún roinnt céimeanna ó mhí an Mhárta 2024 i bhfianaise na dtátal agus na tráchtaireachta a dhéantar sa tuarascáil seo:

- Eisíodh litreacha (Aibreán 2024) do gach ceann comhairimh i reifrinn mhí an Mhárta, ag glacadh buíochas leo as a gcúnamh agus a gcomhoibriú agus ag plé fadhbanna a chonacthas sna stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, toisc go raibh sé soiléir i roinnt cásanna go bhféadfaí roinn athruithe agus feabhsúchán sách simplí a dhéanamh chun iad a réiteach roimh thoghcháin an 7 Meitheamh.
- Reáchtáladh cruinnithe rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara agus cruinnithe leantacha le cinn chomhairimh agus leis an Meitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas, faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Bhuail an Coimisiún freisin le heagraíochtaí chun ábhar a phlé leo ó raon leathan earnálacha, ina measc na hearnálacha oideachais fhoirmiúil/oideachas aosaigh/pobail agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar thoghthóirí a mbíonn constaicí sa bhealach ar a rannpháirtíocht i dtoghcháin, toghthóirí faoi mhíchumas ina measc, agus an pobal i gcoitinne.

PEER – Toghcháin Pharlaimint na hEorpa, na toghcháin áitiúla agus toghcháin Mhéara Luimnigh Dé hAoine, 7 Meitheamh 2024:

- Roghnú agus béim théamach ar chritéir nua PEER bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2022 in úsáid chun stáisiúin vótála a roghnú le haghaidh cuairteanna sa todhchaí, agus stáisiúin vótála a chatagóirítear mar neamh-inrochtana.
- Roghnaíodh 100 stáisiún vótála thar gach ceann de na 26 contae le haghaidh imeachtaí toghcháin mhí an Mheithimh, cuid díobh a raibh cinn chomhairimh tar éis iad a chatagóiriú mar neamh-inrochtana i bhfógraí poiblí a eisíodh i mí an Mhárta 2024.
- Bhí béim mhéadaithe ar thaithí vótálaithe faoi mhíchumas sna suirbhéanna ar vótálaithe mar chuid de Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais mhí an Mheithimh.

16. Fonótaí

1 Ríomhfhoghlaim ESCE faoin mBreathnóireacht Toghcháin
2 https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/dop-eng.pdf
3 https://www.osce.org/files/f/documents/5/e/68439.pdf, lch 14.
4 https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2023/11/10161910/Draft-Annual-Research-Programme-Irish-Web-1.pdf
5 https://assets.gov.ie/292999/53dbf9b6-b86d-492e-b42d-48dbdb287925.pdf, lch 85.
6 Déantar idirdhealú sa reachtaíocht toghcháin idir "áit vótaíochta", limistéar nó áitreabh ina ndéantar vótáil, scoil náisiúnta mar shampla, agus "stáisiún vótaíochta", spás laistigh den áit vótála a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh, seomra ranga mar shampla. Sa tuarascáil seo, úsáidtear an téarma "stáisiún vótála" chun cur síos a dhéanamh ar áitreabh ginearálta chomh maith leis an spás ar leith a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh.
7 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp4/census2022profile4-disabilityhealthandcarers/disability/
8 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur athraíodh ceisteanna dhaonáireamh 2022 faoi chúrsaí míchumais le hais dhaonáireamh 2016 (Féach ar Aguisín 2).
9 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp4/census2022profile4-disabilityhealthandcarers/
10 https://www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_disability_matters/2023-10-25/2/
11 Annex B - Sample Observation Forms for Voting https://www.osce.org/files/f/documents/5/e/68439.pdf, lgh 109-111
12 https://www.electoralcommission.org.uk/sites/default/files/2022-01/Checklist%20for%20polling%20station%20inspectors%20generic.doc
13 https://www.electoralcommission.org.uk/sites/default/files/2024-02/Checklist%20for%20polling%20station%20inspectors%20PCC%20EA22.docx
14 Reviews of polling districts, polling places and polling stations | Electoral Commission
15 https://commission.europa.eu/document/66b9212e-e9b0-409d-88a3-c0e505a5e670_ga, Iarscríbhinn 2, lch 40
16 https://www.osce.org/files/f/documents/6/5/537589.pdf, lch 5
17 Aighneacht Uimh. 330, lch 3, ó Choimisiún Toghcháin na hAstráile do Conduct of the 2022 federal election and other matters – TUARASCÁIL – Samhain 2023
18 https://www.aec.gov.au/assistance/
19 Overview of UNCRPD Article 29 in Ireland. Participation in political and public life. June 2023.https://nda.ie/uploads/publications/UNCRPD-Article-29-Paper-FINAL-230607.docx
20 https://www.electoralcommission.ie/ga/clar-taighde/
21 https://vvi.ie/voice-of-vision-impairment-accessibility-report-on-referendums-of-march-8th-2024/
22 https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/eolas-do-votalaithe-faoi-mhichumasga/?
23 Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (neds.ie)
24 Alt 74, na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 – An t-am agus an áit chun na vótaí a chomhaireamh. (2) Ceapfaidh an ceann comhairimh áit laistigh de limistéar an údaráis áitiúil nó gar don áit sin mar áit ina gcomhairfidh an t-oifigeach na vótaí, agus cuirfidh sé ar fáil san áit a bheidh ceaptha aige amhlaidh cóiríocht oiriúnach agus an troscán agus an trealamh go léir is gá chun na vótaí a chomhaireamh de réir Chuid XIII agus déanfaidh sé leorshocruithe chun na páipéir bhallóide agus na doiciméid eile a bhaineann leis an toghchán a choimeád slán.

17. Aguisíní

Aguisín 1 – Seicliosta Inrochtaineachta

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Seicliosta Inrochtaineachta a d'eisigh an Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas in 2018. Tá an seicliosta sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais faoi "Accessibility Checklist for Polling Stations". https://nda.ie/uploads/publications/Accessibility-Checklist-for-Polling-Stations-April-2024-FINAL.docx

Aguisín 2 – Ceisteanna an Daonáirimh faoi Mhíchumas, 2022 agus 2016

2022

An bhfuil aon cheann de na riochtaí nó deacrachtaí fadtéarmacha seo ag gabháil duit?			
(a) Daille nó lagú amhairc	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(b) Bodhaire nó lagú éisteachta	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(c) Deacracht le bunghníomhaíochtaí fisiceacha amhail siúl, dul suas staighre, síneadh, ardú nó iompar	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(d) Míchumas intleachta	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(e) Deacracht le foghlaim, cuimhneamh nó comhdhíriú	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(f) Riocht síceolaíoch nó mothúchánach nó deacracht meabhairshláinte	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl
(g) Deacracht le pian, análú nó aon tinneas nó riocht ainsealach eile	Tá, gó mór	Tá, roinnt	Níl

2016

An bhfuil aon cheann de na riochtaí fadtéarmacha seo a leanas ort?		
(a) Daille nó mórlagú amhairc	Tá	Níl
(b) Bodhaire nó mórlagú éisteacht	Tá	Níl
(c) Riocht a bhacann go mór bunghníomhaíochtaí fisiceacha mar shiúl, dul suas staighre, síneadh, ardú nó iompar	Tá	Níl
(d) Míchumas intleachtúil	Tá	Níl

An bhfuil aon cheann de na riochtaí fadtéarmacha seo a leanas ort?		
(e) Deacracht le foghlaim, cuimhneamh nó comhdhíriú	Tá	Níl
(f) Riocht síceolaíoch nó tochtach	Tá	Níl
(g) Deacracht le pian, analú, nó aon droch thinneas nó riocht eile	Tá	Níl

Aguisín 3 – Stáisiúin Vótála PEER ar Tugadh Cuairt Orthu de réir na gCritéar Roghnúcháin

Tábla 1: Stáisiúin Vótála Neamh-inrochtana (RTRÁO)

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	Taifeadta mar Neamh-inrochtana	% Faoi Mhíchumas [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**An Chathair** Ionad Pobail Bhaile an Ruáin	**An Clár** An Clár	2020 RTRÁO	21.8%	V95 A348	52.93629430627313, -8.892795957439008
2	**Cluain an Fhathaigh** SN Chluain an Fhathaigh	**An Clár** An Clár	2020/2024 RTRÁO & LRO	16.7%	V95 HN76	52.867732693597354, -9.273428116907425
3	**An Baile Glas** Halla na nGasóg	**An Clár** An Clár	2020 RTRÁO & LRO	28.5%	V94 K720	52.68692551384004, -8.61230643596915
4	**An Clochán** SN Bhaile Conraoi	**Gaillimh Thiar** Gaillimh	2020 RTRÁO	24.1%	H71 KF38	53.51037470897069, -10.09169694030088
5	**An Ghráinseach** SN Bhreac-chluana	**Gaillimh Thoir** Gaillimh	2020 RTRÁO	24.2%	H65 C670	53.28308108417541, -8.586165991718401
6	**Cathair Dónall** SN Chathair Dónall	**Ciarraí** Ciarraí	2020/2024 RTRÁO & LRO	21.8%	V93 FK88	51.77058185338391, -10.10179261965231
7	**Dún Urlann** SN Bhaile an Fheirtéaraigh	**Ciarraí** Ciarraí	2020 RTRÁO & LRO	21.8%	V92 X795	52.165596434164286, -10.408028909816553
8	**Gleann Beithe** SN an Churraichín	**Ciarraí** Ciarraí	2020/2024 RTRÁO & LRO	19.3%	V93 XD43	52.06525720452734, -9.910522098027633
9	**Dún Dea-radhairc** SN Lios Teilice	**Ciarraí** Ciarraí	2020 RTRÁO & LRO	18.6%	V92 WTR8	52.29835838356138, -9.694777139864103
10	**Drom Máirtín** SN Bhaile an Chrosaigh	**Ciarraí** Ciarraí	2020/2024 RTRÁO & LRO	19.2%	V92 AP80	52.41518403611091, -9.687700314992872
11	**Cill Gharbháin** SN Chill Gharbháin	**Ciarraí** Ciarraí	2020/2024 RTRÁO & LRO	18.0%	V93 HP79	51.90619538148865, -9.441747443964484
12	**Áth Dara Theas** CBS Áth Dara	**Contae Luimnigh** Luimneach	2020 RTRÁO & LRO	20.6%	V94 FK30	52.561038426235854, -8.794026224352423,
13	**Leamhchoill** SN Bhaile Dhá Thuile	**Contae Luimnigh** Luimneach	2020 RTRÁO	24.1%	V94 VK23	52.558290044503366, -9.198913355039672,
14	**Collán** SN Chnoc Uí Dheá	**Contae Luimnigh** Luimneach	2020 RTRÁO & LRO	20.8%	V35 DW73	2.32872685748991, -8.342518969139771
15	**Tobar Phádraig** SN Thobar Phádraig	**Contae Luimnigh** Luimneach	2020 RTRÁO	24.8%	V94 YF44	52.6005951557356, -8.713857098589497
16	**An Mhainistir A** Scoil Íde	**Contae Luimnigh** Luimneach	2020 RTRÁO	23.3%	V94 X659	52.6780780148816, -8.61474375199046
17	**Baile Sceanach** Coláiste Cistéirseach	**Laois-Uíbh Fhailí** Uíbh Fhailí	2020 RTRÁO	15.5%	E53 DX37	52.96305721153817, -7.854989548273085
18	**Mainistir Fheorais** Club CLG Bhaile Fobhair	**Laois-Uíbh Fhailí** Uíbh Fhailí	2020 RTRÁO & LRO	20.7%	R45 R283	53.30709509700372, -7.134750346404081
19	**Cill Ghlais Theas** SN Bhaile Uí Fhidhne	**Ros Comáin-Gaillimh** Ros Comáin	2020 RTRÁO & LRO	22.6%	F42 WV63	53.78477011123259, -8.040516900348544
20	**Cnoc Rafann** SN Chailíní Loch Ceann	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020 RTRÁO & LRO	17.7%	E25 VP64	52.44275716431914, -7.881650153194337
21	**Cill Mheanmnáin** Scoil Náisiúnta Chill Mheanmnáin	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020/2024 RTRÁO & LRO	23.0%	E41 NR76	52.486114438832445, -7.503997593072962

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	Taifeadta mar Neamh-inrochtana	% Faoi Mhíchumas [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
22	**Muileann na hUamhan** Scoil Náisiúnta Mhuileann na hUamhan	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020 RTRÁO & LRO	28.4%	E41 ED30	52.5138499197375, -7.5006056314504015,
23	**Baile Thomáis** Scoil Náisiúnta Bhaile Thomáis	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020 RTRÁO & LRO	24.7%	E25 F840	52.493582477146646, -8.019112228654615,
24	**An Teampall Mór** SN Bhuachaillí Naomh Colmcille	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020 RTRÁO & LRO	26.5%	E41 CR60	52.794706995167346, -7.832719544578874
25	**Bealach Achaille** SN (Nua) Bhealach Achaille	**Tiobraid Árann** Tiobraid Árann	2020 RTRÁO & LRO	18.6%	E41 RR68	52.68829383422049, -7.9070661985534105,
26	**Trá Mhór** Teampall Chríost	**Port Láirge** Port Láirge	2020 RTRÁO	24.1%	X91 WC92	52.158459271402535, -7.155653532342615,
27	**Cluain Fhia** SN Chluain Fhia	**Port Láirge** Port Láirge	2020 RTRÁO	19.5%	E32 NNP40	52.279620146174, -7.439200068482805,
28	**Aird Mhór** SN Bhaile Mhic Airt	**Port Láirge** Port Láirge	2020 RTRÁO	24.8%	X35 CR20	52.006463941210484, -7.640131625998028,
29	**Cúil Ghréine Uimh. 1** Scoil an Bhaile Fhada	**Port Láirge** Port Láirge	2020 RTRÁO	22.2%	Y25 E376	52.76705908533976, -6.269604510849667,

Tábla 2: Stáisiúin Vótála i dToghranna ina raibh na Rátaí Míchumais Tuairiscithe is Airde

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% Faoi Mhíchumas [CSO]	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**Toghroinn Eoin A** Scoil Chailíní Mhuire	**Cathair Luimnigh** Luimneach	38.7%	747	V94 T6Y0	52.66977641789793, -8.623239339373507

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% Faoi Mhíchumas [CSO]	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
2	**Cill Liaile A** Ionad Pobail Naomh Mhainchín	**Cathair Luimnigh** Luimneach	38.4%	1,455	V94 F58P	52.66977641789793, -8.623239339373507 -8.636468920307799
3	**Gailinne** Scoil Náisiúnta Naomh Cynoc	**Laois-Uíbh Fhailí** Uíbh Fhailí	37.6%	588	R42 A527	53.273886962408, -7.827572360919667,
4	**Loch Garman (Uimh. 1 Uirbeach)** Scoil Bhóthar Eoin	**Loch Garman** Loch Garman	37.4%	1,702	Y35 XO84	52.33784866425299, -6.4711762874463705
5	**Baile Mhic Coiligh** SN Mhuire	**Port Láirge** Port Láirge	36.8%	432	X91 HF65	52.22580577111883, -7.065960607179964
6	**An Tóchar B** Clochar Maria Assumpta	**Corcaigh Theas-Lár** Corcaigh	36.8%	683	T12 HY44	51.8832785071177, -8.480291503190076
7	**Toghroinn San Labhráis** SN Bhríde	**Cathair Luimnigh** Luimneach	36.7%	988	V94 FN12	52.65640451444483, -8.598404586566131
8	**Baile an Easpaig B** Scoil an Spioraid Naoimh	**Corcaigh Theas-Lár** Corcaigh	36.6%	421	T12 X030	51.878658032658414, -8.52865233074282
9	**Cnocán an Aonaigh B** Scoil Aiséirí Chríost	**Corcaigh Thuaidh-Lár** Corcaigh	36.3%	753	T23 E634	51.912028438562245, -8.48407889209046
10	**Baile na mBocht** SNB Mharcuis	**Corcaigh Thuaidh-Lár** Corcaigh	35.9%	2,846	T23 P5FY	51.911166452776854, -8.45770813627059
11	**Garbhach** SN Dhroim Caorthainn	**Sligeach-Liatroim** Liatroim	35.8%	123	N41 DK12	54.16535937253812, -8.140187956149251
12	**Bóthar Mhic Mhuiris** Bunscoil Chnoc Síon	**Port Láirge** Port Láirge	35.5%	518	X91 KH90	52.25674855345074, -7.116800373424116,
13	**An Eaglais** Halla Pobail an Rátha	**Laois-Uíbh Fhailí** Uíbh Fhailí	35.3%	153	R42 X471	53.13878558317453, -7.807683535266469
14	**Móinéar an Rí** SN an tSlánaitheora	**Port Láirge** Port Láirge	34.9%	1,305	X91 Y472	52.24726456601189, -7.1134326550447895

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% Faoi Mhíchumas [CSO]	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
15	**An Ruán Mór** Scoil Speisialta Naomh Iósaef	**Port Láirge** Port Láirge	34.4%	790	X91 E030	52.25433545186891, -7.126471202261946

Tábla 3: Stáisiúin Vótála i dToghranna ina raibh na Rátaí Cúramóirí Tuairiscithe is Airde

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% Cúramóirí [CSO]	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**An Carn** SN an Chairn	**An Clár** An Clár	17.1%	146	V95 YA22	53.037817858577505, -9.075235972786382
2	**Áth an Bhrúnaigh** Halla Paróiste Ros Bearrcon	**Ceatharlach-Cill Chainnigh** Cill Chainnigh	14.9%	148	Y34 TK33	52.393909440668665, -6.962794714384631
3	**Béal Deirg Mór** Ionad Pobail Bhéal Deirg Mór	**Maigh Eo** Maigh Eo	14.7%	150	F26 KXV6	54.30619977149281, -9.5580945588407,
4	**An Choilleach** Ionad CLG Phádraig Mhic Phiarais	**Ros Comáin-Gaillimh** Ros Comáin	14.4%	208	H53 E398	53.336946558151475, -8.154500579286546
5	**Bealach Ladhrach** SN Chamrois	**Laois-Uíbh Fhailí** Laois	14.3%	91	R32 YEF6	53.004996210805785, -7.592052631084584
6	**Nuachabháil** SN Chill Fhionnúrach	**An Clár** An Clár	13.5%	111	V95 EY90	52.989580141532954, -9.221214006556536,
7	**Binn an Choire** Seanscoil Náisiúnta Shraith Salach	**Gaillimh Thiar** Gaillimh	13.2%	219	H91 AE65	53.46445042655767, -9.717092594525067,
8	**Baile Uí Uallacháin** SN an Bhóthair Bhuí	**Corcaigh Thiar Thuaidh** Corcaigh	13.2%	295	P51 RY99	52.158363482627244, -9.07174011705574
9	**An Chathair** SN an Phaidhc	**Laois-Uíbh Fhailí** Laois	13.0%	108	R32 CK15	52.95521503041821, -7.554390024359899,
10	**Ardach** SN Ardach	**Maigh Eo** Maigh Eo	12.9%	365	F26 DK19	54.124711944274566, -9.23293200932157
11	**Cill Ghaobhair** SN Chluain Cearbán	**Maigh Eo** Maigh Eo	12.8%	102	F28 T189	53.76337372155201, -9.800068139976263,
12	**An Más** SN Chill Chainnigh	**Dún na nGall** Dún na nGall	12.5%	272	F94 CX21	54.830959059046485, -8.346165992148036
13	**Cill Phádraig** SN Naomh Chainnigh	**An Mhí Thiar** An Iarmhí	12.4%	243	N91 H003	53.51184753600313, -7.397157063782786
14	**Cill Dhuibh Dhúin** Ionad Pobail na Coille Uachtaraí	**Sligeach-Liatroim** Sligeach	12.3%	276	F52 K663	54.07247644511274, -8.282422952202749
15	**Baile Artúir** Halla Cathrach Bhaile Mhistéala	**Corcaigh Thoir** Corcaigh	12.3%	325	P67 CC95	52.26789451945669, -8.271857445771058

Tábla 4: Stáisiúin Vótála i dToghranna i mBaile Átha Cliath ina Raibh Líon na Vótálaithe Íseal

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% den Líon Daoine a Vótáil in Olltoghchán 2020	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**Cé na nÓstaí B** Bunscoil Mhuire	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	50.5%	4,537	D07 HF10	53.35476632348695, -6.2674629154333115
2	**An Chathair Thuaidh** Scoil Caoimhín	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	27.5%	6,749	D01 YT29	53.35128328011371, -6.257968210043339
3	**Muinseo B** St. Brigid's Day Nursery	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	34.1%	4,537	D01 RY94	53.3572082086959, -6.257616478673871
4	**Cé Árann B** SN Naomh Stanhope	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	36.4%	1,784	D07 DY60	53.35264899383881, -6.2828903022514915
5	**Rotunda B** CBS Naomh Phóil	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	26.5%	3,589	D07 P529	53.35057290240467, -6.276749435707641

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% den Líon Daoine a Vótáil in Olltoghchán 2020	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
6	**Rotunda A** Scoil Caoimhín *Stáisiún céanna le hUimh 2*	**Baile Átha Cliath Láir** Baile Átha Cliath	37.1%	6,528	D01 YT29	53.35128328011371, -6.257968210043339
7	**Dúbóthar** SN Tobar Mhairéide	**Baile Átha Cliath Fine Gall Thiar** Baile Átha Cliath	39.6% (Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh) 48.5% (Baile Átha Cliath Fine Gall)	8,931	K67 PE80	53.43041654555986, -6.3007841370200275
8	**Cionn Sáile** Halla San Nioclás Mhíora	**Baile Átha Cliath Fine Gall Thoir** Baile Átha Cliath	49.5%	11,470	D17 FP52 (go garbh)	53.42082756429663, -6.176035270986604
9	**Coill an Phrióra C*** SNS Dharndál	**Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh** Baile Átha Cliath	50.5%	4,883	D17 CK81	53.401715602368256, -6.193086769976132
10	**Baile Munna B*** SN an Spioraid Naoimh	**Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh** Baile Átha Cliath	48.9%	4,273	D11 N207	53.395767123869156, -6.270208042463925
11	**Páirc an Fhionnuisce 2** Ospidéal Mhuire	**Baile Átha Cliath Thiar** Baile Átha Cliath	30.4%	1,465	D20 TY72	53.34994943999179, -6.336261845515446
12	**Baile Bhlainséir-Mullach Eadrad** SN Thobar Muire	**Baile Átha Cliath Thiar** Baile Átha Cliath	37.6%	4,219	D15 DD40	53.405653614762365, -6.392144523409186
13	**Baile Bhlainséir-Baile an Tirialaigh** SNS Mhuire Mháthair an Dóchais	**Baile Átha Cliath Thiar** Baile Átha Cliath	37.6%	3,343	D15 PH93	53.40432344088769, -6.424745893946317

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% den Líon Daoine a Vótáil in Olltoghchán 2020	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
14	**Tamhlacht-Fothair Chardain** SN Naomh Aodáin	**Baile Átha Cliath Thiar Theas** Baile Átha Cliath	46.1%	11,335	D24 XN24	53.2867495199334, -6.404462669550795
15	**Tigh Bródáin** SN Mhuire	**Baile Átha Cliath Ráth an Dúin** Baile Átha Cliath	48.8%	945	D16 CX60	53.27535359361609, -6.256968055865242
16	**Dún Laoghaire Láir Thiar** SN Dhoiminiceach	**Dún Laoghaire** Baile Átha Cliath	49.0%	2,726	A96 V2P2	53.292270987872634, -6.137904743709612
17	**Teach an Ardmhéara B** Scoil Chaitríona	**Cuan Bhaile Átha Cliath Theas** Baile Átha Cliath	33.3%	1,021	D02 H365	53.336236626872896, -6.246286593879802
18	**Toghroinn Chaoimhín** Bunscoil CBS Sráid Synge	**Cuan Bhaile Átha Cliath Theas** Baile Átha Cliath	35.0%	5,732	D08 R283	53.33363446001539, -6.268276908734838
19	**Cé an Adhmaid B** Ionad Oiliúna Ógtheagmhála	**Cuan Bhaile Átha Cliath Theas** Baile Átha Cliath	43.7%	1,989	D08 XF76	53.3354411128342, -6.2671477719296975
20	**Páirc an Fhionnuisce 1** Ionad Rámhaíochta na Cathrach	**Baile Átha Cliath Theas-Lár** Baile Átha Cliath	33.0%	1,465	D08 EF83	53.346252001148216, -6.321088575921979
21	**Cé na gCeannaithe B** CBS Shráid San Proinsias	**Baile Átha Cliath Theas-Lár** Baile Átha Cliath	36.5%	4,343	D08 FE83	53.341434258703714, -6.273399928953108
22	**Cé na gCeannaithe F** SN Chaitríona	**Baile Átha Cliath Theas-Lár** Baile Átha Cliath	37.5%	2,328	D08 YR66	53.33310566770014, -6.283234246766526

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	% den Líon Daoine a Vótáil in Olltoghchán 2020	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
23	**Tamhlacht-Ráth Miontáin** Ionad Pobail Ráth Miontáin	**Baile Átha Cliath Thiar Theas** Baile Átha Cliath	45.8%	18125	D24 NV06	53.28272418696748, -6.401548818616015

Coill an Phrióra C*
Níor tugadh cuairt ar SN Mhuire Gan Smál.

Baile Munna B*
Níor tugadh cuairt ar SN an Spioraid Naoimh.

Tábla 5: Stáisiúin Vótála i Lárionaid Uirbeacha Mhóra Eile

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	Lárionad Uirbeach (Uimh.)	Daonra an Lárionaid Uirbigh [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**Toghroinn San Niocláis** Scoil An Linbh Íosa	**Gaillimh Thiar** Gaillimh	Gaillimh (4ú)	85,910	H91 RX32	53.275764683878755, -9.053809305097793
2	**An Fhaiche Mhór** Scoil Chroí Íosa	**Gaillimh Thiar** Gaillimh	Gaillimh (4ú)	85,910	H91 FV48	53.27422229944869, -9.062655161563047
3	**Geata Shráid na gCapall** Scoil Náisiúnta Gharrán Bál	**Lú** Lú	Droichead Átha (6ú)	44,135	A92 FD60	53.71115540872472, -6.359892119454248
4	**Toghroinn Mhuire** SN Naomh Eoin	**Lú** Lú	Droichead Átha (6ú)	44,135	A92 DD39	53.71096148350811, -6.3748013998754685
5	**Dún Dealgan (Uirbeach Uimh.1)** Halla na Cathrach	**Lú** Lú	Dún Dealgan (7ú)	43,112	A91 W20C	54.00456238444265, -6.400527800162336
6	**Dún Dealgan (Uirbeach Uimh.3)** Scoil Náisiúnta na Mainistreach	**Lú** Lú	Dún Dealgan (7ú)	43,112	A91 N286	54.001330494660365, -6.407921263393187
7	**An Uaimh (Uirbeach)** SN Flowerfield	**An Mhí Thiar** An Mhí	An Uaimh (9ú)	33,886	C15 XV20	53.64593589653201, -6.686069937926905
8	**Bré Uimh. 1** SN Pheadair	**Cill Mhantáin** Cill Mhantáin	Bré (10ú)	33,512	A98 YH93	53.20705428793694, -6.117594757303721

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	Lárionad Uirbeach (Uimh.)	Daonra TR [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
9	**Port Laoise (Tuath)** SN Chnoc Maí	**Laois** Laois	Port Laoise (18ú)	23,494	R32 EV18	53.03791628020945, -7.314513050696914

Tábla 6: Stáisiúin Vótála i Limistéir Thíreolaíocha Eile

Toghroinn & Stáisiún Vótála		Toghcheantar & Contae	Contae	Daonra an Chontae [CSO]	Éirchód	Comhordanáidí Léarscáile
1	**An Cabhán (Uirbeach)** Scoil Chlochar San Clár	**An Cabhán-Muineachán** An Cabhán	An Cabhán	78,633	H12 DR74	53.99247766227388, -7.356594114259284
2	**Muinchille (Uirbeach)** SN Mhíchil Naofa	**An Cabhán-Muineachán** An Cabhán	An Cabhán	78,633	H16 P304	54.07379562162731, -7.074917628410056
3	**An Chorr Dhubh** Scoil Phádraig na Coirre Duibhe	**An Cabhán-Muineachán** Muineachán	Muineachán	65,288	A81 PP78	54.01111381160967, -6.820998193444684
4	**Carraig Mhachaire Rois (Tuath)** Teach na mBocht i gCarraig Mhachaire Rois	**An Cabhán-Muineachán** Muineachán	Muineachán	65,288	A81 E372	53.97854114571511, -6.725097009379569
5	**Ceatharlach (Uirbeach)** SN Naomh Iósaef	**Ceatharlach-Cill Chainnigh** Ceatharlach	Ceatharlach	61,968	R93 HP99	52.839224400574125, -6.923182801125843
6	**Cloch Ghrianáin** SN Bhaile na mBreatnach	**Ceatharlach-Cill Chainnigh** Ceatharlach	Ceatharlach	61,968	R93 T9N4	52.78578341313234, -6.982448764927956
7	**Cill Droichid** Scoil na Mainistreach	**Cill Dara** Cill Dara	Cill Dara	246,977	W23 VR98	53.34033559789964, -6.55452581448244
8	**Má Nuad** SNC na Toirbhearta	**Cill Dara** Cill Dara	Cill Dara	246,977	W23 X0C6	53.3835772118809, -6.587457574290244
9	**An Chealdrach** Scoil Mhuire	**An Longfort-An Iarmhí** An Longfort	An Longfort	46,751	N39 K263	53.76294352969754, -7.833396489979866
10	**An Longfort (Tuath)** SN an Chlochair	**An Longfort-An Iarmhí** An Longfort	An Longfort	46,751	N39 T925	53.694304741566214, -7.820077109614682

Aguisín 4 – Comhfhreagras leis an Aire Darragh O'Brien

Mr. Darragh O'Brien,
Minister for Housing, Local Government & Heritage,
Custom House,
Dublin 1.

12 April 2024

Dear Minister,

As you are aware, the *Electoral Reform Act 2022* assigns a function to An Coimisiún Toghcháin to prepare and publish Post Electoral Event Reviews - reports on the administration of the electoral events which include a description of the assistance given by presiding officers and returning officers to electors, particularly electors with disabilities, at electoral events.

Members and staff of An Coimisiún Toghcháin visited almost 100 polling stations in 26 counties across Ireland on 8th March 2024 to observe voting procedures and conditions in the two referendums.

A report on the polling stations visited is currently being compiled by An Coimisiún Toghcháin and the finalised report will be published and laid before the Houses of the Oireachtas in compliance with the requirements of the legislation i.e. no later than six months after 8th March 2024.
However, at its meeting this week, members of An Coimisiún discussed the review and agreed that I should write to you about some issues of particular concern which should be addressed in advance of the June elections.

It was quickly apparent to all of the observer teams that the reality regarding the accessibility of polling stations, particularly for electors with disabilities, was considerably worse than initially anticipated when set against accessibility-related statistics and data gathered by my staff in advance of the visits from local Returning Officers and the Working Group on Accessible Voting, chaired by your Department.

Poor directional signage on approach routes to polling stations, lack of parking facilities in urban areas, insufficient parking spaces for electors with disabilities, hazards at building entrance points, issues in regard to emergency exits and polling booths for wheelchair users were encountered by An Coimisiún Toghcháin observer teams on multiple occasions.

Of chief concern, the accessibility of polling stations and polling booths for voters with physical mobility issues, extending to voters with more severe levels of physical disability such as wheelchair users requires immediate attention and remedy. Initial conclusions point to an urgent need for a re-assessment of the polling stations selected for future electoral events, and/or an upgrade of the existing facilities in polling stations and their surrounds.

To assist An Coimisiún Toghcháin in its compilation of the Post Electoral Event Review and to aid planning for a repeat exercise for the forthcoming June 2024 electoral events, An Coimisiún Toghcháin will separately continue its engagement with Franchise Section and all Returning Officers about a number of more technical issues associated with the elections. I would particularly like to acknowledge their active co-operation and assistance to date.

An Coimisiún Toghcháin will also shortly contact the Working Group on Accessible Voting to seek its feedback on any aspects of the March 2024 referendums which it considers necessary to highlight, in addition to any plans or focus which the Working Group may have in relation to the electoral events in June.

Yours sincerely,

Art O'Leary
Chief Executive, An Coimisiún Toghcháin

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

11th June 2024

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission
19 JUN 2024

Mr. Art O'Leary,
Chief Executive,
An Coimisiún Toghcháin,
Dublin Castle,
Dublin 2.

Dear Art,

Thank you for your letter of 12 April regarding the forthcoming Post Electoral Event Review of the referendums on Family and Care.

The observations of An Coimisiún Toghcháin of polling stations' features relating to accessibility are timely and welcome and will inform our ongoing work in this area. The full participation of disabled voters in our democratic processes is essential. Good progress has been made in this regard in recent years and it is important that this is maintained.

As you are aware, Returning Officers are independent in the discharge of their functions, including the selection of polling stations. However, recognising that disabled people have particular needs, my Department endeavours to ensure that the voting process is as accessible and inclusive as possible. The Department produces a Memorandum for the Guidance of Returning Officers and a manual for Presiding Officers in advance of all electoral events.

In advance of the local and European elections on June 7th, members of the Working Group on Disability Voting provided suggestions on accessibility guidance in the memoranda provided to Returning Officers and the manual for Presiding Officers. These memoranda advise that the selection of polling stations should have regard to the needs of disabled voters. They also advise that if a polling station traditionally used is not accessible, consideration should be given to using an alternative accessible venue, or consideration given to practical ways in which the current venue could be made accessible. In short, the documents assist Returning Officers and Presiding Officers in their endeavours to enable full participation by disabled voters. I very much welcome your planned engagement with Returning Officers in relation to these matters, which will undoubtedly help ensure greater accessibility outside and within polling stations in the future.

You will be pleased to note that in April, my officials facilitated a session between the National Disability Authority and the Returning Officers. At the meeting, the representative of the Authority outlined ways in which accessibility for disabled voters could be enhanced at the forthcoming polls. I understand it was a very engaging meeting.

Please rest assured that officials in my Department who are on the working group remain available to engage with An Coimisiún on these issues. I understand that there has been positive engagement between my officials and your staff to date. If there is any additional information An Coimisiún requires for its Post Electoral Event Review, my officials are available to assist.

I look forward to receiving a copy of An Coimisiún's Post Electoral Event Reviews of the March referendums and the June 7th polls when they have been completed. The aim making provision for such a review in the Electoral Reform Act 2022, was to identify what practices could be improved in the administration of electoral events. The first such review will no doubt benefit our democratic processes.

Thank you once again for bringing these matters to my attention.

Yours sincerely,

Darragh O'Brien, TD,
Minister for Housing, Local Government and Heritage

Oifig an Aire Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidreachta
Office of the Minister for Housing,
Local Government and Heritage

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, D01 W6X0
Custom House, Dublin, D01 W6X0
T +353 1 888 2403 | minister@housing.gov.ie
www.gov.ie/housing

Foilsithe ag An gCoimisiún Toghcháin,
Meán Fómhair 2024.
ISBN 978-1-911722-09-0

An Coimisiún Toghcháin,
Caisléan Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8 X8.

@ElecCommIRL